Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meán Fómhair 2022
(OR. en)**

**11949/22**

**CO EUR-PREP 20**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (20 agus 21 Deireadh Fómhair 2022)<br>– Dréacht-Chlár Oibre anótáilte |

*I gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Eorpaí, tá Uachtarán na Comhairle Eorpaí, i ndlúthchomhar leis an gcomhalta den Chomhairle Eorpach atá mar ionadaí don Bhallstát a bhfuil Uachtaránacht leathbhliantúil na Comhairle aige agus le hUachtarán an Choimisiúin, le dréachtchlár oibre anótáilte a chur faoi bhráid na Comhairle Gnóthaí Ginearálta.*

*Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an dréachtchlár oibre anótáilte a thíolaic Uachtarán na Comhairle Eorpaí, ina leagtar amach na príomhábhair a dtabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh orthu ag an gcruinniú thuas, mar a mheastar.*

*I bhfianaise an phlé deiridh a bheidh ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta laistigh de chúig lá roimh an gcruinniú den Chomhairle Eorpach, tá Uachtarán na Comhairle Eorpaí leis an gclár oibre sealadach a dhréachtú.*

## I. AN ÚCRÁIN

Pléifidh an Chomhairle Eorpach arís an cogadh foghach atá á chur ag an Rúis ar an Úcráin agus na hiarmhairtí arna n-eascairt as.

## II. FUINNEAMH

Déanfaidh an Chomhairle Eorpach measúnú ar an staid i dtaca le praghsanna fuinnimh agus slándáil an tsoláthair, bearta optamaithe margaidh agus an dul chun cinn maidir leis an éileamh a laghdú, agus déanfaidh sí cinneadh maidir le haon ghníomhaíocht bhreise is gá a dhéanamh.

## III. SAINCHEISTEANNA EACNAMAÍOCHA

Tabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh ar an staid eacnamaíoch.

## IV. AN CAIDREAMH SEACHTRACH

Tabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh ar an gcaidreamh idir an tAontas agus an Áise. Ullmhóidh sí an cruinniú mullaigh idir an tAontas agus ASEAN atá le bheith ar siúl an 14 Nollaig 2022 agus beidh plé straitéiseach aici ar an tSín.

Déanfaidh an Chomhairle Eorpach a meas ar na hullmhúcháin do Chomhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (COP27) in Sharm El-Sheikh agus an 15ú ceann de Chomhdhálacha na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht (Cuid a Dó) in Montréal.

I bhfianaise a dtarlóidh, féadfaidh sé go dtabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh ar shaincheisteanna sonracha eile a bhaineann leis an mbeartas eachtrach.